

Scoláireachtaí Printíseachta

Tá Údarás na Gaeltachta ag tairiscint Scoláireachtaí Printíseachta gur fiú níos mó ná €2,000 an ceann iad d'iarrthóirí le cáilíocht mar cheardaí a bhaint amach.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith sé bliana déag d'aois ar a laghad agus na buncháilíochtaí seo a leanas a bheith acu:

Teastas Sóisearach, le pas i gcúig ábhar nó a
chomhionann. (Tá matamaitic riachtanach i gás printíseachtaí áirithe),
nó

réamhchúrsa printíseachta atá aitheanta ag SOLAS,
nó

os cionn 16 bliain d'aois agus taithí oibre aitheanta acu sa cheird le trí bliana.

Chomh maith leis na printíseachtaí ceirde sean-bhunaithe, fáilteofar freisin roimh iarratais don scoláireacht seo i leith na printíseachtaí nua-aoiseacha, atá á bhforbairt i gcaitheamh an ama.

Is gá d'iarratasóirí sainriachtanais iontrála a chomhlíonadh, mar atá sainmhínithe ag an gCuibhreannas Tionscail le haghaidh gach ceann ar leith de Phrintísigh ó 2016.

Tá coinníollacha iontrála agus tréimhsí oiliúna ar leith leagtha amach do gach ceann des na Printíseachtaí sin. Tá gach eolas i leith na bprintíseachtaí Nua-aoiseach – an liosta iomlán atá faofa agus na cáilíochtaí iontrála a ghabhann leo le fáil ar an suíomh idirlín www.apprenticeship.ie

Is d'iarrthóirí Gaeltachta le Gaeilge líofa na scoláireachtaí seo.

Má tá spéis agat a bheith san iomaíocht do na scoláireachtaí seo, líon isteach na sonraí thíos agus seol ar ais chuig:

An Rannóg Taighde & Forbairt Earnála,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe
Dé hAoine 17 Iúil

Roimh Dé hAoine 17 Iúil 2020

AINM: _____

SEOLADH: _____

DÁTA BREITHE: ____/____/____

UIMH. FÓN PÓCA: _____

UIMH. FÓN BAILE: _____

SEOLADH RÍOMHPHOIST _____

An bhfuil tú ag freastal ar scoil dara leibhéal faoi láthair?
(Cuir tic sa bhosca cuí)

Tá ☐

Níl ☐

Cuir síos do rogha ceird ón liosta a ghabhann leis seo:

Rogha 1 _____ Rogha 2 _____

Cosaint Sonraí: Coinníonn Údarás na Gaeltachta sonraí, bíodh siad mar chomhaid pháipéir nó comhaid leictreonacha. D'fhéadfadh na sonraí seo a bheith pearsanta nó neamhphearsanta. Caithfidh leis an uile shonra pearsanta mar shonra faoi rún agus ní úsáidfimid é ach amháin do na cuspóirí a bhfuair eamar é. Féadfaimid, áfach, sonraí a roinnt le ranna nó le gníomhaireachtaí eile rialtais nuair a cheadaítear é le foráil sainiúil reachtach. Chun a chinntiú go mbíonn do chuid sonraí pearsanta cruinn agus suas chun dáta ní mór duit aon leasú ar do chuid sonraí pearsanta a chur in iúl dúinn trí theagmháil a dhéanamh linn.